a dhéanamh ar an achomharc cánach i gcás amháin (1) trí na measúnuithe a rinne an Biúró a dheimhniú agus d'aistarraing duine amháin (1) an t-achomhairc sular éist an Chúirt Chuarda leis. Amhail an 31 Nollaig 2011, b'ann do chúig (5) chás a bhain céimeanna éagsúla amach i bpróiseas achomhairc na Cúirte Cuarda.

4.23 Le linn na bliana, chuir beirt (2) daoine a míshásamh in iúl le cinneadh an Choimisinéara Achomhairc agus léirigh siad gur mhian leo tús a chur le cás san Ard-Chúirt.

4.24 Chuir an Biúró nósanna imeachta forfheidhmithe na nAchtanna Cánach i bhfeidhm (lena n-áirítear úsáid Orduithe Astaithe) in aghaidh sócmhainní airgeadais mhainnitheoirí cánach agus thionscain siad imeachtaí aisghabhála in aon chás déag (11) chun an cháin a bhí dlite a fháil.

4.25 Tugtar i dTáblaí 5 go dtí 12 a leanas, agus an dá cheann sin san áireamh, sonraí faoi na gníomhartha a ghlac an Biúró, lena n-áirítear na méideanna cánach a gearradh ag measúnú, a éilíodh agus a bailíodh nó a aisghabháladh ar bhealach eile agus cásanna ag céim an Choimisinéara Achomhairc agus na Cúirte Cuarda.

Tábla 5: Cáin a gearradh ag measúnú

<i>Sainiú</i>	€
<i>Cáin Ioncaim</i>	<i>10,385,769</i>
<i>Cáin Bhreislucha</i>	<i>620,650</i>
<i>Dleacht mháil</i>	<i>2,326,292</i>
<i>Cáin Ghnóthachan Caipitiúil</i>	<i>155,668</i>
<i>IOMLÁN</i>	<i>13,488,379</i>

Tábla 6: Cáin agus ús a éilíodh

<i>Sainiú</i>	€
<i>Cáin Ioncaim</i>	<i>11,260,050</i>
<i>Cáin Bhreislucha</i>	<i>785,473</i>
<i>ÍMAT/ÁSPC</i>	<i>11,846</i>
<i>Cáin Ghnóthachan Caipitiúil</i>	<i>294,606</i>
<i>IOMLÁN</i>	<i>12,351,975</i>

Tábla 7: Cáin agus ús a bailíodh

Sainiú	€
<i>Cáin Ioncaim</i>	3,613,973
<i>Cáin Ghnóthachan Caipitiúil</i>	2,876
<i>Cáin Bhreisluacha</i>	6,293
<i>Dleacht Stampála</i>	149,518
<i>Cáin Chláraithe Feithiclí</i>	32,207
IOMLÁN	3,804,867

Tábla 8: Imeachtaí Ard-Chúirte a tionscnaíodh chun cáin agus ús a aisghabháil

	Líon na gcásanna	€
<i>Iomlán</i>	11	17,929,872

Tábla 9: Cáin agus ús a aisghabháladh le Cumhachtaí Astaithe na gCoimisinéirí Ioncaim a úsáid

	Líon na gcásanna	€
<i>Iomlán</i>	12	358,478

Tábla 10: Toradh na nAchomharc a dhiúltaigh an Bhiúró

Sainiú	Líon na gcásanna
<i>Achomhairc a dhiúltaigh an Cigire in 2011</i>	8
<i>An líon diúltaithe nach ndearnadh a achomharc</i>	3
<i>Diúltú ag Cigire a rinneadh a achomharc leis an gCoimisinéir Achomhairc</i>	5
<i>Achomha(i)rc a tugadh chun cinn amhail an 1/1/2011</i>	1
<i>Sheas an Coimisinéir Achomhairc le cinneadh an Bhiúró</i>	6
<i>Achomhairc ar lámh amhail an 31/12/2011</i>	0

Tábla 11: Toradh na nAchomharc ag Céim an Choimisinéara Achomhairc

Sainiú	Líon na gcásanna
<i>Cásanna ar chéim an achomhairc amhail an 1/1/2011</i>	6*
<i>Achomhairc a rinneadh a agair i gceart in 2011</i>	16
<i>Achomhairc ar a ndearna an Coimisinéir Achomhairc cinneadh</i>	7
<i>Achomhairc a aistarraingíodh</i>	9
<i>Cásanna ar chéim an achomhairc amhail an 31/12/2011</i>	6

* Eascaíonn cás amháin eile thar fhigiúr deiridh 2010 ó athghníomhachtú achomharc stairiúil ó 2003.

Tábla 12: Toradh na nAchomharc chuig an gCúirt Cuarda

<i>Sainiú</i>	<i>Líon na gcásanna</i>
<i>Cásanna ar láimh amhail an 1/1/2011</i>	<i>2</i>
<i>Achomhairc a dhéanamh ar chinneadh an Choimisinéara Achomharc chuig an gCúirt Cuarda</i>	<i>5</i>
<i>Cinneadh arna dhéanamh ag Breitheamh na Cúirte Cuarda ar an achomharc</i>	<i>1</i>
<i>Achomhairc a aistarraingíodh</i>	<i>1</i>
<i>Cásanna ar láimh amhail an 31/12/2011</i>	<i>5</i>

4.26 Sa mhullach ar an €3,804,867 milliún a bailíodh faoi shainchúram Ioncaim an Bhiúró, amhail a leagtar amach é i dTábla 7 thuas, bhí fiosrúchán amháin (1) den Bhiúró ina thoradh ar mhótarfheithicil, Range Rover Discovery, a urghabháil agus a fhorghéilleadh don Stát, ar a raibh luach de bhreis ar €2,000 faoi fhorálacha an Achta Airgeadais, 2001.

GNÍOMHARTHA LEASA SHÓISIALAIGH

4.27 Ina theannta sin uile, téann an Biúró i mbun gnímh faoi na hAchtanna Leasa Shóisialaigh de bhun a bhfeidhmeanna amhail a leagtar amach iad in Alt 5 den Acht. Ag eascairt ó fhiosrúcháin ag Oifigigh den Bhiúró, chuathas i mbun gnímh de bhun shainchúram Leasa Shóisialaigh an Bhiúró i leith céad agus fiche (120) duine. Rinneadh líon íocaíochtaí Leasa Shóisialaigh a fhoirceannadh nó a laghdú, as ar eascair coigiltí don Státhiste, amhail a leagtar amach é i dTábla 13 thíos.

Tábla 13: Coigiltí Leasa Shóisialaigh de réir shaghas na scéime

Saghas na Scéime	€
Liúntas Cuardaitheora Poist	85,956.00
Íocaíocht Teaghlach Aontuismitheora	276,420.00
Liúntas Míchumais	143,785.80
Liúntas Cúramóra	110,350.20
Iomlán	616,512.00

- 4.28 Rinneadh ocht déag (18) achomharc a chur faoi bhráid an Phríomh-Oifigigh Achomhairc i leith cinntí a rinneadh faoi Oifigigh Leasa Shóisialaigh an Bhiúró. Dheimhnigh an Príomh-Oifigeach Achomhairc nach raibh an gnáthnós imeachta achomhairc leordhóthanach chun próiseáil éifeachtach na n-achomharc seo a chur faoi urrús agus d’ordaigh sé nach mór do na hachomharcóirí a n-achomhairc a chur faoi bhráid na Cúirte Cuarda Sibhialta. Rinneadh trí (3) achomharc a aistarraingt, níor lean deichniúr (10) achomharcóirí ar aghaidh lena n-achomhairc (gan iad a chur faoi bhráid na Cúirte Cuarda amhail a d’ordaigh an Príomh-Oifigeach Achomhairc) agus bhí cúig (5) cinn fós ar bun amhail an 31 Nollaig 2011.
- 4.29 As na cúig (5) chás achomhairc a tugadh anonn ó 2010 agus cás amháin (1) ó 2009, éisteadh le trí (3) chás os comhair na Cúirte Cuarda Sibhialta agus seasadh leis na cinntí a rinne Oifigigh Leasa Shóisialaigh an Bhiúró. Níor lean cás amháin (1) ar aghaidh chuig an gCúirt agus meastar gurb ionann agus dúnta an t-achomharc sin. In dhá (2) chás, ní dhearnadh cinneadh amhail an 31 Nollaig 2011.
- 4.30 Ag eascairt ó fhiosrúcháin an Bhiúró, rinneadh ró-íocaíochtaí Leasa Shóisialaigh a shainaithint agus a mheasúnú, agus leagtar sonraí amach fúthu i dTábla 14 thíos.

Tábla 14: Ró-íocaíochtaí Leasa Shóisialaigh de réir shaghas na scéime

Saghas na Scéime	€
Liúntas Cuardaitheora Poist	765,242.48
Íocaíocht Teaghlach Aontuismitheora	400,648.83
Liúntas Míchumais	314,258.75
Liúntas Cúramóra	51,392.50
Iomlán	1,531,542.56

- 4.31 Rinne aisíocaíochtaí, tráthchodanna agus asbhaintí ó theidlíochtaí reatha difear d’aisghabháil airgid de réir Thábla 15 thíos.

Tábla 15: Aisghabháil Leasa Shóisialaigh airgid de réir shaghas na scéime

Saghas na Scéime	€
Liúntas Cuardaitheora Poist	343,587.36
Íocaíocht Teaghlach Aontuismitheora	60,819.50
Liúntas Míchumais	42,870.63
Liúntas Cúramóra	2,600.00
An Pinsean Stáit (Neamh-Ranníocach)	4,160.00
Iomlán	454,037.49

4.32 Thionscain an Biúró Toghairm Achomair na hArd-Chúirte um imeachtaí Aisghabhála féachaint le suimeanna a aisghabháil a ró-íocadh i gcás amháin (1) de réir Thábla 16 thíos.

Tábla 16: Imeachtaí Ard-Chúirte a tionscnaíodh chun suimeanna a ró-íocadh a aisghabháil

	<i>Líon na gcásanna</i>	€
<i>Iomlán</i>	<i>1</i>	<i>23,526.50</i>

IMSCRÚDUITHE EILE

- 4.33 Ag eascairt ó fhiosrúcháin a rinne an Biúró de bhun a sainchúraim reachtúil, thángthas ar shárúithe amhrasta ar chionta coiriúla agus, mar thoradh air sin, gabhadh líon daoine agus rinneadh comhaid a réiteach a lorg orduithe an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí (dá dtagraítear mar an DPP ina dhiaidh seo) agus rinneadh líon ionchúisimh coiriúla a leanúint.
- 4.34 Gabhadh triúr (3) daoine mar gheall ar chionta amhrasta ioncaim i gcodarsnacht le hAlt 1078 den Acht um Chomhdhlúthú Cánach, 1997. Cuireadh comhad amháin (1) faoi bhráid an DPP agus táthar ag feitheamh le horduithe. Sa dá (2) chás eile atá fanta, tá comhaid á réiteach faoi láthair lena gcur ar aghaidh chuig an DPP. Gabhadh beirt (2) daoine mar gheall ar chionta amhrasta ioncaim i gcodarsnacht le hAlt 1078 den Acht um Chomhdhlúthú Cánach, 1997. I gcás amháin, cuireadh comhad faoi bhráid an DPP a rinneadh cúisimh a ordú atá os comhair na Cúirte Coiriúla Cuarda faoi láthair. Cúisíodh duine amháin (1) a ghabhadh le linn 2010 i leith cionta i gcodarsnacht le hAlt 2010 den Acht um Chomhdhlúthú Cánach, 1078 agus tá an duine sin os comhair na Cúirte Coiriúla Cuarda faoi láthair. Tá an cás i leith an dara duine fós ar feitheamh.
- 4.35 Amhail a tuairiscíodh i dTuarascáil Bhliantúil 2010, phléadáil duine amháin (1) ciontach i leith shárúithe Alt 1078 den Acht um Chomhdhlúthú Cánach, 1997. I rith 2011, gearradh pianbhreith dhá bhliain ar fionraí ar an duine seo os comhair na Cúirte Coiriúla Cuarda.
- 4.36 Ina theannta sin, in 2011, ciontaíodh duine amháin (1) a cúisíodh i leith cionta i gcodarsnacht le hAlt 2010 den Acht um Chomhdhlúthú Cánach, 2007 agus gearradh fíneáil €4,170 ar an duine sin.
- 4.37 Amhail a tuairiscíodh i dTuarascáil Bhliantúil 2010, gabhadh beirt (2) daoine maidir le sárúithe amhrasta den Acht um Cheartas Coiriúil (Cionta Gadaíochta agus Calaoise), 2001 i dtaca le héilimh chalaioiseacha amhrasta ar Leas Sóisialach. Ina leith seo, cuireadh comhad amháin (1) ar aghaidh chuig an DPP in 2010 agus in 2011, d'ordaigh an DPP gan an duine sin a ionchúiseamh. I dtaca leis an dara duine,

tugadh faoi bhreis fiosrúchán agus tá comhad á réiteach faoi láthair lena chur faoi bhráid an DPP.

- 4.38 Amhail a tuairiscíodh i dTuarascáil Bhliantúil 2010, cúisíodh duine amháin (1) le daichead a hocht (48) cion i gcodarsnacht le forálacha an Achta um Chomhdhlúthú Leasa Shóisialaigh, 2005 agus an Achta um Cheartas Coiriúil (Cionta Gadaíochta agus Calaoise), 2001. In 2011, cuireadh an duine seo ar aghaidh chuig an gCúirt Choiriúil Chuarda lena thriail.
- 4.39 Ag eascairt ó dhá fhiosrúchán ar leith faoinar tugadh in 2011, ghabh Oifigigh den Bhiúró um Shócmhainní Coiriúla beirt (2) daoine a rabhthas in amhras orthu go ndearna siad cionta i gcodarsnacht le hAlt 13 den Acht lenar bhain imeaglú agus bagairtí a dhéanamh ar Oifigigh den Bhiúró. Sa dá chás, rinneadh comhaid a chur faoi bhráid an DPP. Amhail ón 31/12/2011, i ndiaidh orduithe a fháil ón DPP, cúisíodh duine amháin (1) agus tugadh an duine sin os comhair na Cúirte Dúiche agus bhíodhas ag feitheamh orduithe maidir leis an dara duine.
- 4.40 Amhail a tuairiscíodh i dTuarascáil Bhliantúil 2010, bhí dhá (2) chomhad á réiteach ag an mBiúró lena gcur faoi bhráid an DPP i dtaca le cionta um gháinneáil ar airgead a rabhthas in amhras orthu i gcodarsnacht le forálacha an Achta um Cheartas Coiriúil (Gáinneáil Airgid agus Maoiniú Sceimhlitheoirí), 2010. Cuireadh comhaid faoi bhráid an DPP a d'ordaigh gan ionchúiseamh a dhéanamh sa dá chás.
- 4.41 Amhail a tuairiscíodh i dTuarascáil Bhliantúil 2010, cúisíodh seisear (6) daoine le cionta i gcodarsnacht le hAlt 1(2) den Acht um Chleachtais Éilitheacha Chomhlachtaí Poiblí, 1889 arna leasú ag Alt 4(2) den Acht um Éiliú a Chosc, 1916 agus Alt 38 den Acht um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995. De bharr go bhfuair duine amháin (1) de na daoine a bhí i gceist bás, tá cúig (5) de na cásanna seo fós os comhair na gCúirteanna. Thug beirt (2) daoine achomhairc os comhair na hArd-Chúirte agus éisteadh leo i rith 2011. Níor éirigh le ceachtar achomharc. Sa dá chás, rinneadh achomhairc i leith chinneadh na hArd-Chúirte a thabhairt chuig an gCúirt Uachtarach. In 2011, d'éist an Chúirt Uachtarach le ceann amháin (1) de na hachomhairc seo agus bhíodhas ag feitheamh le breithiúnas. I dtaca leis an dara hachomharc chuig an gCúirt Uachtarach, bhíodhas ar feitheamh le dáta éisteachta. Tá gach ceann de na cúig (5) ionchúiseamh fós curtha ar athló os comhair na Cúirte

Coiriúla Cuarda go dtí go ndéanfaidh an Chúirt Uachtarach cinntí faoi na hachomhairc.

- 4.42 I dTuarascáil Bhliantúil 2009 agus 2010, thuairiscigh an Biúró, mar thoradh ar *Operation Tie*, fiosrúchán ar neamhrialtachtaí um Cháin Chláraithe Feithiclí, cúisíodh ceathrar (4) daoine agus cuireadh iad os comhair na Cúirte Coiriúla Cuarda lena dtrial. Chuir duine amháin (1) tús le himeachtaí um Athbhreithniú Breithiúnach a rinneadh a aistarraingt dá éis sin in 2010. Le linn 2011, phléadáil duine amháin (1) ciontach i leith na gcúiseanna agus gearradh trí (3) bliana sa phríosún ar an duine céanna. Rinneadh dhá (2) bhliain den phianbhreith trí bliana a chur ar fionraí. Ciontaíodh duine amháin (1) sa Chúirt Choiriúil Chuarda tar éis triail iomlán a dhéanamh ar an ábhar. Gearradh pianbhreith bliain amháin (1) príosúnachta air a cuireadh ar fionraí agus gearradh fíneáil €12,700 air. I dtaca leis an mbeirt (2) daoine eile, tá a gcásanna liostáilte lena n-éisteacht le linn 2012.

Caibidil 5

5. DLÍTHÍOCHT AGUS CÁSDLÍ

GINEARÁLTA

- 5.1 In 2011, dhírigh an Biúró ar athbhreithniú a dhéanamh ar imeachtaí níos sine cásanna coireachta ar chuir an Biúró tús leo i mblianta roimhe seo, mar aon le go leor díobh a thabhairt chun conclúide. Is éard a d’eascair as seo go bhfuarthas fiche a trí (23) ordú faoi Alt 4 agus 4A den Acht FÓC agus as ar eascair breis agus €2.7 milliún a chur ar aghaidh chuig an Aire Airgeadais agus chuig an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.
- 5.2 Réitíodh dhá chás déag (12) níos sine, ina raibh Orduithe Alt 3 i bhfeidhm ar feadh breis agus seacht (7) mbliana chun iad a chur ar aghaidh faoin Acht FÓC. I ngach ceann de na cásanna seo, déanfar iarratais faoi Alt 4 den Acht FÓC faoi réir acmhainní laistigh d’Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit.

BREITHIÚNAIS SHUNTASACHA

- 5.3 **An Biúró um Shócmhainní Coiriúla -v- Routeback Media agus Harry Zeman: Feeney J.: An 20 Eanáir 2011.**

Is éard a bhí i gceist leis an gcás seo calaois ríomhaire, inar iontráil an Dara Freagróir Ainmnithe, atá bunaithe sa tSualainn, i gconradh le soláthróir seirbhís airgeadais atá bunaithe in Éirinn, chun próiseáil cárta creidmheasa agus seirbhísí comhghaolmhara a chur ar fáil. Laistigh de chúpla lá, b’ann do thart ar 90,000 idirbheart cárta creidmheasa. Bhí amhras ar an mBanc go raibh calaois i gceist, agus rinne siad an gnó a chur ar fionraí mar aon leis na cistí a choimeád. Rinne an Biúró, le cúnaimh óna gcomhghleacaithe sa tSualainn, iarratas a lorg faoi Alt 3 agus 7 den Acht FÓC ar an bhforas gurbh ionann na hidirbheartaíochtaí agus dallamullóg. Ní raibh ar an gCúirt breithniú a dhéanamh ar cibé acu arb ann do “chomhfhreagrás ciona” idir an tSualainn agus Éirinn agus bhí siad sásta gur tharla an cion seo amach laistigh den dlínse seo. Bhraith an Chúirt, agus é ina chonclúid acu gur ceannaíodh an réadmhaoin le fáiltas ón gcoireacht, i measc rudaí eile, ar fhianaise tuairime saineolaithe ó Anailísí Fóiréinseach den Bhiúró tar éis fiosrúchán agus anailís a dhéanamh ar na bunachair

shonraí ábhartha idirlín go léir. Ceadáíodh Ordú Alt 3, inar measadh gurbh ionann thart ar €700,000 agus fáltais ón gcoireacht.

5.4 **Murphy –v- John Gilligan agus Daoine Eile:**

Tugadh dlíthíocht shuntasach chun conclúide sa chás seo i gcúrsa na dtrí Bhreithiúnas a leanas:

(i) Judgement Feeney J.: An 27 Eanáir 2011 (Cur i bhfeidhm Alt 3(3) den Acht FÓC)

Dhíbh an Chúirt éilimh a rinne John Gilligan, Geraldine Gilligan agus Darren Gilligan, a rinneadh de bhun Alt 3(3) den Acht FÓC nach raibh an réadmhaoin, a bhí ina hábhar d’Ordú Alt 3 cheana féin, ó fháltais choireachta. Rinneadh a shoiléiriú gur ceannaíodh an réadmhaoin ó ioncam a tuilleadh go dlisteanach trí fhoinsí éagsúla, lena n-áirítear cearrbhachas rathúil agus infheistíochtaí eile. I dtaca le hiarratas Alt 3(3) a rinne Tracey Gilligan, rinne an Breitheamh, áfach, an tOrdú Alt 3 a éagsúlú, sa mhéid gur bhain sé le réadmhaoin ag Leamhcán, Contae Bhaile Átha Cliath agus suim IR£10,000 a chur san áireamh ar thug tríú páirtí di.

Chuaigh an Chúirt, agus a gconclúid á baint amach acu, i ngleic le roinnt pointí dlí, ar dhéileáil Cúirteanna éagsúla leo go léir, lena n-áirítear an méid a leanas –

- Ní bhaineann na focail “bheith ina chúis le héagóir” in Alt 3(3) ach leis an staid reatha agus ní féidir an fhoráil a úsáid mar fhoirm athbhreithnithe ar cheadú tosaigh an Ordaithe Alt 3.
- Sheas an Chúirt Uachtarach le hOrdú Alt 3 agus meastar gur ceadaíodh go hoiriúnach é, agus tá sé i bhfeidhm go fóill.
- Tá cead ag na Freagróirí chun aighneacht a dhéanamh ar na fíricí féachaint chun a chruthú nach ó fháltais choireachta a ceannaíodh an réadmhaoin, de bhun Alt 3(3).

- Is ionann an caighdeán cruthúnais a theastaíonn agus é sin atá infheidhme d'imeachtaí sibhialta.
- Féadfaidh an Chúirt an tOrdú a dhíscaoileadh nó, más oiriúnach, an tOrdú Alt 3 a éagsúlú méid áirithe.
- Ní gá don Bhiúró nasc díreach a chruthú idir cionta sonracha agus fáltais ó choireacht.
- Ní féidir leis na Freagróirí féachaint chun brath ar aon éilimh i leith claonta trí mhoilleanna ós rud é gur leo an t-iarratas agus gur seo an chéad uair a roghnaíonn siad chun tús a chur leis, tráth nach mór 13 bliana tar éis an tOrdú Alt 3 a cheadú.

(ii) Breithiúnas Feeney J.: An 20 Nollaig 2011 (Cur i bhfeidhm iarratas Alt 4 den Acht FÓC)

Ba é seo an chéad iarratas ar cuireadh ina aghaidh a ghlac an Biúró de bhun Alt 4, agus ghlac an Chúirt an deis chun go leor de na saincheisteanna ábhartha a shainmhíniú.

- Is léir gurb é tionchar Ordú Alt 3 chun leas na réadmhaoine a chalcadh mar aon le haon duine a thugann le fios go bhfuil leas acu inti.
- Ní féidir athbhreithniú nó athfhillleadh a dhéanamh ar thorthaí breithiúnais, a tugadh cheana féin maidir le hAlt 3(3) lena mbaineann iarratas an Chosantóra nár ceannaíodh an réadmhaoin le fáltais ó choireacht le linn chúrsa iarratas Alt 4.
- Ní hionann Ordú Alt 4, ar aon ghnáthbhealach, Ordú Forghéillte de bharr nach ann d'aon ghné lena mbaineann an Freagróir agus rud éigin á chailleadh nó a thabhairt suas aige/aici mar pionós nó rud éigin a thógáil uaidh/uaithi mar pionós mar gheall ar chion. Ní hionann ceadú Ordú Diúscartha faoi Alt 4 agus pionós nó forghéilleadh de réir na fíor-chéille nó na céille cirte. Ní dhéantar agus ní féidir glacadh réadmhaoine faoi Acht an FÓC a chothromú le pionós.

- Níl Alt 11(7) den Acht um Reacht na dTeorainneacha, 1957 i gceist de bharr nach mbaineann an fhoráil seo ach le gníomhartha ag faisnéiseoirí príobháideacha nó gníomhartha le haghaidh pionós nó forghéillte agus nach mbaineann siad leis an Acht FÓC dá réir sin, i ndiaidh scrúdú a dhéanamh ar an stair reachtaíochta. Fiú dá mbeadh seo i gceist, ní féidir leis an ngníomh fabhrú ach amháin tar éis go gcuirtear Ordú Alt 3 i bhfeidhm ar feadh seacht mbliana, agus ar an ábhar sin, ní thosaíonn an tréimhse theorann tar éis seacht mbliana.
- Píosa uathúil reachtaíochta is ea an tAcht FÓC agus is ann don bhaol go rachfaí ar strae dá ndéanfaí iarrachtaí chun teacht ar analach i reachtaíocht eile agus aon chuid ar leith den Acht FÓC á léirmhíniú.
- Ní bhaineann saincheist na "héagóra" de bhun Alt 4(8) den Acht FÓC ach le haon fhíricí breise a chruthaítear tar éis chinneadh éisteacht Alt 3(3).

(iii) Breithiúnas Feeney J.: An 20 Nollaig 2011 - Pointí Coinbhinsiún

Chruthaigh an Breithiúnas a rinneadh líon torthaí maidir le tionchar Acht an Choinbhinsiún Eorpaigh um Chearta Daonna, 2003.

- (i) Ní mór do pháirtí atá chun dlíthíocht a dhéanamh i gCúirt Éireannach foras iarbhír agus cruinn a shainaitheint le héileamh faoin gCoinbhinsiún Eorpach um Chearta Daonna, 2003 agus ní féidir leo féachaint chun brath ar Choinbhinsiún i dtéarma fairsing, ginearálta nó sainaitheanta.
- (ii) Ní oibríonn Acht 2003 go cúlghabhálach agus ní bhaineann sé le himeachtaí a tharla roimhe seo nó atá ar feitheamh dlíthíochta.
- (iii) Rinneadh an argóint gur tharla an éisteacht faoi Alt 3(3) agus Alt 4 i ndiaidh Acht 2003, agus ar an ábhar sin, d'fhéadfaí a mheas gurb ionann agus falsánach iad, laistigh den Acht sin. Thit na hábhair agus na himeachtaí faoina ndearna an Gearánaí gearán amach cheana féin nó b'ann dóibh an tráth sin agus bhí an dlíthíocht faoin Acht FÓC ina ndearnadh Ordú Alt 3 ar bun cheana féin.
- (iv) Ní bhaineann Airteagal 7(1) den Choinbhinsiún a chuireann toirmeasc go cúlghabhálach ar chruthú cion coiriúil nó an pionós ciona chaighdeánaigh a mhéadú mar gheall gur dheimhnigh an Chúirt Uachtarach cheana féin nach gcruthaíonn an tAcht FÓC cion coiriúil.

(v) Is sibhialta iad na himeachtaí faoin Acht FÓC, 1996 do chuspóirí Airteagal 6 agus Airteagal 7 den Choinbhinsiún araon. Ní coiriúil go sainiúil í scéim an Achta FÓC le haghaidh caomhnú agus, nuair is cuí, diúscairt fáltas ó chuireacht agus ní chuireann siad chuireann siad i gníomh ceachtar ceann d'Airteagal 6 nó 7 den Choinbhinsiún de bharr gur léir gurb imeachtaí sibhialta atá iontu. Agus breithniú á dhéanamh ar cibé acu ar sháraigh nó nár sháraigh an tAcht FÓC cearta réadmhaoine a bhí faoi chosaint faoin gCoinbhinsiún, rinne an Chúirt an pointe a leanas:

- (a) Eascraíonn an chonclúid as cosaint an nóis imeachta a chuirtear ar fáil san Acht FÓC nach sáraítear cearta Airteagal 6.
- (b) Níl aon fhoráil den reachtaíocht doiléir. B'eol do John Gilligan ó 1997 i leith go bhféadfadh sé iarratas a dhéanamh faoi Alt 3(3).
- (c) Má bhí aon mhoill ar chúrsaí, b'eisean faoi deara na moille.
- (d) Ní fhéadfaí é a chur i gcomparáid le tuairim éisteachta córa in imeachtaí coiriúla chun an fhreagracht a leagan ar gach iarratasóir chun cuntas inchreidte a thabhairt ar a gcás reatha airgeadais. I ngach cás, agus é arna chruthú go raibh an té bainteach i mangaireacht fhairsing agus luachmhar drugaí thar thréimhse bhlianta, ní mí-réasúnta a bheith ag súil go míneodh na hiarratasóirí céard a tharla don airgead uile a léiríodh a bhí ina seilbh acu, agus ní pioc níos mí-réasúnta atá sé ag an gcéad chéim den imeacht, chun bheith ag súil leis go léiríonn siad dlisteanacht fhoinsé an airgid nó na sócmhainní. Tháinig na hábhair sin faoi eolas ar leith an iarratasóra agus níor dheacair an t-ualach ar gach duine díobh a bhaint amach dá mb'fhíor dá gcuntais ar a ngnóthaí airgeadais.

5.5 **CAB -v- Andrew agus Ellen Wall: Breithiúnas Feeney J.: An 1 Meitheamh 2011**

Rinne an Breitheamh Onórach Feeney, tar éis dó éileamh an Fhreagróra a chloisteáil gur ceannaíodh an réadmhaion, lena n-áirítear teach teaghlaigh go dlisteanach, an t-éileamh a dhíbh agus rinne sé Ordú a dheonú de bhun Alt 3 inar dearbhaíodh gur ceannaíodh an réadmhaoin, i measc rudaí eile, ó fháltais chuireachta. Rinne sé iarratas a rinne an Biúro a chur ar athló chun Glacadóir a cheapadh agus dheonaigh sé bac ar feitheamh achomharc na Cúirte Uachtaraí. I gcúrsa na bliana seo, lorg an Biúro go ndéanfaí an t-ábhar seo a oscailt athuair de

bharr nach raibh a n-achomharc á chur chun cinn ag Freagróirí leis an turas riachtanach agus b'ann do bhuairt shuntasach nach raibh an réadmhaoín faoi árachas. Cheap an Chúirt an Glacadóir chun seilbh a ghlacadh ar an réadmhaoín, chun í a chur faoi árachas agus í a ligean ar cíós, ach dhiúltaigh sé cumhacht díola. Ghlac an Glacadóir seilbh ar an réadmhaoín idir an dá linn. Cuireann seo le húsáid réiteach na nGlacadóireachtaí i gcásanna lena mbaineann fáltais ó choireacht.

5.6 **McKenna -v- H. agus H.: An Chúirt Uachtarach: Denham J.: An 25 Márta 2011**

Achomharc a bhí i gceist anseo a rinne céile i leith Ordú a rinneadh de bhun Alt 4 den Acht FÓC lena forghéilleadh teach teaghlaigh. Rinne an Chúirt Uachtarach an t-achomharc a dhíbh agus dhearbhaigh siad an tOrdú faoi Alt 4 ar bhonn thorthaí dlí Bhreitheamh na hArd-Chúirte. I measc na dtorthaí seo bhí an méid a leanas:

1. Cé nach mór don Chúirt bheith íogair i leith aon leas dlisteanach réadmhaoine a d'fhéadfadh bheith ag aon duine i leith na réadmhaoine, ní mór go mbíonn aird ag an gCúirt ar leas beartais an Stáit, leis, agus a chinntiú go bhfabhraítear fáltais ó choireacht chun sochair duine ar bith.
2. Tá suim níos mó ag an Stát i ndiúscairt na réadmhaoine a chruthaítear a ceannaíodh ó fháltais ó choireacht, ceal aon léiriú i leith ranníocaíocht dhlísteanaigh ag an gcéile isteach sa réadmhaoín.
3. Ceadáíonn Airteagal 8 den Choinbhinsiún Eorpach um Chearta Daonna teorannú ar cheart den saghas sin ar mhaithe le dea-rialachas, cé go gcosnaítear leas dlisteanach i dteach teaghlaigh faoi. Is amhlaidh atá an beartas faoin Acht FÓC.

Déanann an Breithiúnas seo difear do líon cásanna a bhfuil achomharc á dhéanamh orthu faoi láthair ag an bpointe seo.

5.7 **ATHBHREITHNIÚ AR REACHTAÍOCHT**

Chas an coiste, a bhunaigh an Roinn Dlí agus Cirt in 2010 ar a chéile i gcúrsa 2011. Rinne an coiste breithniú ar thograí a chuir an Biúró ar aghaidh maidir le hoibriú na reachtaíochta um fháltais ó choireacht agus ábhair bhainteacha, féachaint chun feabhsúcháin a thabhairt isteach ar an gcreatlach reatha reachtúil. Tá breithniú á dhéanamh ar na tograí ag an tráth seo.

CAIBIDIL 6

6. FORBAIRTÍ IDIRNÁISIÚNTA

- 6.1 Leanann an Biúró, mar aon leis an reachtaíocht atá mar bhonn agus taca dóibh, le suim na n-údarás um fhorfheidhmiú dlí agus na n-údarás breithiúnach a mhealladh go hidirnáisiúnta. Sa mhullach air sin, tá an straitéis atá glactha ag an mBiúró agus an leanúint dá sainchúram reachtúil fós ina n-ábhar spéise do go leor breathnóirí go hidirnáisiúnta.
- 6.2 Le linn chúrsa 2011, fuair an Biúró toscaireachtaí agus grúpaí oibre ó na tíortha a leanas: An Astráil, an Bheilg, an Ghearmáin, Lucsamburg, an tSlóivéin, an Ríocht Aontaithe agus Tuaisceart Éireann. Ina theannta sin, d'fhreastail Oifig den Bhiúró, tar éis dóibh cuireadh a fháil ó ghníomhaireachtaí um fhorfheidhmiú dlí agus ó chomhlachtaí eile, agus rinne siad cur i láthair ag líon comhdhálacha idirnáisiúnta maidir le sonraí na straitéise agus an cur chuige oibriúcháin go ginearálta lenar ghlac an Biúró a leagan amach.
- 6.3 Bhí an Biúró ina n-óstaigh ar Fhóram na gCuntasóirí Fóiréinseacha i nDlí Forfheidhmithe i Meitheamh 2011. Cuireann an Fóram bonn faoi mhodheolaíochtaí agus taithí a roinnt idir Cuntasóirí Fóiréinseacha i nDlí Forfheidhmithe. Is éard atá i measc bhail an fhórait cuntasóirí a oibríonn i ndlí forfheidhmithe i Sasana, Albain, an Bhreatain Bheag, Tuaisceart Éireann agus Poblacht na hÉireann. D'fhreastail toscairí ó réimse fairsing de ghníomhaireachtaí um fhorfheidhmiú dlí, lena n-áirítear Póilíní Cathartha Londan, Póilíní Yorkshire Thiar, an Ghníomhaireacht um Choireacht Thromchúiseach (S.O.C.A), Aonad um Aisghabháil Shibhialta na hAlban, Coimisinéirí Ioncaim agus Custam na Banríona (HRMC), Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim, Oifig an Stiúirthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach (O.D.C.E), Biúró Imscrúdaithe um Chalaois an Gharda Síochána agus na hóstaigh – an Biúró.
- 6.4 In 2011, lean an Biúró lena bhfeidhm mar an Oifig shannta um Aisghabháil Sócmhainní (OAS) do Phoblacht na hÉireann, agus bhí siad ag déileáil le hiarratais ar fhaisnéis agus ar chomhoibriú maidir le sainathint agus le hurghabháil sócmhainní lenar bhain iompar coiriúil a fuarthas laistigh den AE. Is ann d'fhiche a

seacht (27) OAS faoi láthair atá bunaithe i bhfiche a dó (22) Ballstát. Rinneadh ionadaíocht don Bhiúró ag dhá (2) chruinniú Ardán OAS a bhí ar siúl sa Bhruiséil. Lean an Biúró le leas a bhaint as OASanna sna Ballstáit agus lena gcuid imscrúduithe féin a chur chun cinn agus, nuair is féidir, chun cabhrú le dlínsí eile chun sprioc a dhéanamh d'fháltais ó iompar coiriúil.

6.5 Le linn 2011, ghlac an Biúró páirt sa Chomhairle um Measúnú an Aontais Eorpaigh ar Éirinn, faoinar tugadh faoi choimirce an 5ú Babhta de Chomh-Mheasúnuithe ag grúpa saineolaithe. Bá é “coireacht airgeadais agus imscrúdú airgeadais” ábhar an mheasúnaithe agus dhírigh an measúnú, chomh maith, ar fheabhsú na creatlaí oibriúcháin um fháltais choireachta a choigistiú agus a urghabháil. Chabhraigh an Biúró leis an Roinn Dlí agus Cirt agus le gníomhaireachtaí dlí eile in Éirinn chun ceistneoirí a réiteach agus chun casadh leis na saineolaithe cuí measúnaithe.

6.6 I gcaitheamh 2011, d'iarr an Roinn Gnóthaí Eachtracha ar an mBiúró cúnadh a thabhairt dóibh maidir le Cathaoirleacht na hÉireann den “Eagraíocht um Shlándaíl agus Comhar san Eoraip (OSCE)” in 2012. Tá sé ar intinn ag an ngrúpa béim a leagan ar obair an Bhiúró mar shamhail ar a bhféadfadh Stáit eile atá ag glacadh páirte san OSCE breithniú a dhéanamh uirthi i gcaitheamh a gCathaoirleachta in 2012. Chuir oifigigh den Bhiúró um Shócmhainní Coiriúla cruinniú faisnéise ar fáil d'oifigigh ó Thascfhórsa an OSCE i mBaile Átha Cliath agus do Mhisean an OSCE i Vín mar réiteach le haghaidh Chathaoirleacht 2012.

6.7 Amhail a tuairiscíodh in 2012, ghlac ball amháin (1) den Bhiúró páirt i gclár oiliúna faoi chistiú an AE ag a raibh an Spáinn ina n-óstaigh faoin gClár CEART (Ionad Sármhaitheasa agus Clár Oiliúna um Aisghabháil Sócmhainní). Lean an ball a d'fhreastail ar an gcúrsa seo lena staidéar leis an gclár seo i rith 2011.

6.8 **Líonra Idirghníomhaireachta um Aisghabháil Sócmhainní Camden (CARIN)**

Lean an Biúró le baint a bheith acu i Líonra Idirghníomhaireachta um Aisghabháil Sócmhainní Camden (CARIN) agus d'fhreastail siad ar an gComhdháil Bhliantúil a bhí ar bun i Meán Fómhair 2011, in Sofia na Bulgáire. Dhírigh an Chomhdháil ar chumharsáid agus ar chomhar idir gach gníomhaireacht a bhí páirteach i rianú agus i gcoigistiú sócmhainní, mar aon le hoiliúint imscrúdaitheoirí. I measc na dtopaicí tábhachtacha eile a chuimsíodh ag an gComhdháil bhí bunachar sonraí atá chomh fairsing leis an AE a bhunú d'Orduithe Coigistithe lenar bhain sócmhainní, bunú

Cláir Lárnacha Chuntas Bainc agus cearta íospartaigh chun sócmhainní a aisghabháil.

- 6.9 D'fhan an Biúró ar Choiste Stiúrtha CARIN agus toghadh iad chun seilbh a ghlacadh ar an Uachtaránacht le haghaidh 2013. D'fhonn tabhairt faoina bhfeidhmeanna faoin Uachtaránacht, rinne an Biúró iarratas ar an gCoimisiún Eorpach chun cistiú a fháil faoi Chlár an ISEC chun lámh chúnta a thabhairt d'Uachtaránacht an Ghrúpa agus d'eagrú an oibriúcháin don chomhdháil atá le bheith ar siúl in Éirinn in 2013, le bheith ar bun i gcomthráth le hUachtaránacht na hÉireann den AE.
- 6.10 Leanann an Biúró, trí CARIN, le féachaint chun orduithe neamhchiontaithe-bhunaithe forghéillte a bheith acu, ar nós na nOrduithe de bhun Alt 3 den Acht FÓC, a aithnítear agus a chuirtear chun feidhme i leith réadmhoine atá suite i mBallstáit eile.

COMHOIBRIÚ LEIS NA HÚDARÁIS ÁITIÚLA SA RÍOCHT AONTAITHE

- 6.11 Lean an Biúró ag comhoibriú go dlúth le gach údarás um fhorfheidhmiú dlí i dTuaisceart Éireann agus sa Ríocht Aontaithe chun imscrúduithe a chur chun cinn de chineál trasteorann agus idirnáisiúnta.
- 6.12 Ina theannta sin, ghlac an Biúró páirt sa Seimineár um Choireacht Eagraithe Comhar Trasteorann san Inse, i gContae na Mí, Éire. Ba é cuspóir an tseimineáir treochtaí nua coireachta a shainaithint agus chun comhaontú a dhéanamh ar limistéir chomhoibre idir na húdaráis um fhorfheidhmiú dlí ar an dá thaobh den Teorainn. Tugadh roinnt limistéar chun solais le haird a dhíriú orthu, lena n-áirítear úsáid amhrasta biúrónna seirbhís airgid i measc coirpeach, cibearchoireachta, tithe um fhás cannabais agus calaois alcóil feadh na Teorann.
- 6.13 **Grúpa Breosla Trasteorann**
- Lean an Biúró agus páirt á glacadh acu sa Ghrúpa Breosla Trasteorann agus d'fhreastail siad ar chruinnithe rialta. Lean an Biúró, mar aon leis an SOCA, HMRC agus an PSNI chun a n-aird a dhíriú ar ghníomhaíochtaí daoine a bhfuiltear in amhras orthu baint a bheith acu i smuigleáil breosla agus i ngáinneáil breosla as ar eascair roinnt gníomhaíochtaí de bhun shainchúram reachtúil an Bhiúró sa limistéar

seo, lena n-áirítear seirbhís mheasúnuithe substaintiúla ioncaim ar dhaoine a oibríonn ar bhonn trasteorann, arna sainaithe ag an nGrúpa Oibre.

6.14 I gcaitheamh 2011, chuaigh an Grúpa i dteagmháil leis an nGníomhaireacht um Chosaint Comhshaoil agus le Gníomhaireacht Comhshaoil Thuaisceart Éireann maidir le hábhair lenar bhain daoine a bhí freagrach as táirge dramhaíola sciúradh breosla a dhumpáil go neamhdhleathach (slodach srl.) feadh na Teorann.

6.15 **An Grúpa Trasteorann Forfheidhmithe um Chalois Tobac**

I rith 2011, lean an Biúró le páirt a ghlacadh sa Ghrúpa Forfheidhmithe Trasteorann um Chalois Tobac a bunaíodh in 2010. Áirítear leis an nGrúpa seo ionadaithe ón mBiúró, an Garda Síochána, Custam na hÉireann, an PSNI, an SOCA, HMRC agus Gníomhaireacht Teorann na RA. Dhírigh an grúpa ar Ghrúpaí um Choireacht Eagraithe a bhí bainteach i smuigleáil toitíní agus tobac. Is éard a bhí mar thoradh air seo go ndearnadh imscrúdú ar líon daoine agus grúpaí de bhun shainchúram reachtúil an Bhiúró a rabhthas in amhras orthu bheith bainteach in iompar coiriúil sa limistéar seo.

6.16 Mar thoradh ar ghrúpa coireachta eagraithe a shainaithe ar a rabhthas in amhras go raibh baint acu i sciúradh breosla agus i smuigleáil toitíní ag an nGrúpa Forfheidhmithe Trasteorann um Chalois Tobac, cuireadh tús le himscrúdú ilghníomhaireachta. Chabhraigh an Biúró leis an Aonad um Choireacht Eagraithe, na Seirbhísí Náisiúnta Tacaíochta, Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim, Coimisinéirí Ioncaim agus Custam na Banríona (HMRC), Seirbhís Póilíneachta Thuaisceart Éireann (PSNI) agus Oifig Rannóige chun sprioc a dhéanamh den ghrúpa seo agus rinneadh áis sciúrtha breosla i réigiún na Teorann a shainaithe agus rinneadh sprioc den áis seo. Is éard a d'eascair as an imscrúdú seo urghabháil ionad sofaisticiúil sciúrtha breosla agus cúig (5) gharáiste miondíola a dhúnadh i bPoblacht na hÉireann. Bhí imscrúduithe agus gníomhartha a lean astu fós ar bun amhail an 31/12/2011, de bhun shainchúram reachtúil an Bhiúró agus bhí comhaid á réiteach lena gcur faoi bhráid an DPP.

Caibidil 7

7. CONCLÚID

- 7.1 I gcaitheamh na bliana, lean an Biúró ag dul sa tóir ar a sainchúram reachtúil agus i pé áit gurbh fhéidir, le sprioc a dhéanamh d'fháltais ó iompar coiriúil, agus leas á bhaint as forálacha na reachtaíochta um Fháltais Choireachta, Ioncaim agus Leasa Shóisialaigh, sa chás cuí. Rinneadh na forálacha a chumasaíonn an Biúró chun leas a bhaint as an gcur chuige ilghníomhaireachta, ildisciplíneach seo, a ghairm go hiomlán ina leith seo.
- 7.2 Rinne an Biúró sprioc de shócmhainní a d'eascair as iompar éagsúil amhrasta coiriúil, lena n-áirítear gáinneáil drugaí, calaois, gadaíocht, sciúradh agus smuigleáil breosla agus trádáil neamhdhleathach tobac. Rinne an Biúró sprioc de shócmhainní éagsúla, lena n-áirítear airgead, cistí i gcuntais bhainc, réadmhaoin (lena n-áirítear tithe cónaithe, tráchtála agus saoire), mótarfheithiclí, bannaí, seodra agus bád. D'eascair barrachas €2.7 milliún a chur ar aghaidh chuig an státchiste faoin reachtaíocht um Fháltais Choireachta, as na himscrúduithe faoinar thug an Biúró agus na himeachtaí agus na gníomhartha iarmhartacha. Ina theannta sin, bailíodh breis agus €3.8 milliún de cháin agus rinneadh breis ar €450,000 de ró-íocaíochtaí Leasa Shóisialaigh a aisghabháil, agus cuirtear sonraí fúthu siúd ar fáil i gCaibidil 4 den tuarascáil.
- 7.3 I gcaitheamh na bliana, dhírigh an Biúró ar líon cásanna fadmharthanacha a bhí os comhair na Cúirte faoin reachtaíocht um Fháltais Choireachta, as ar eascair fiche a trí (23) cás a chur i gcrích.
- 7.4 I gcaitheamh 2011, thug an Biúró faoi líon imscrúduithe ar shócmhainní a d'eascair as calaois agus as gadaíocht shubstaintiúil. Bhí na himscrúduithe seo mar thoradh, ní hamháin, ar aisghabháil suimeanna substaintiúla airgid a bhí mar thoradh ar fháltais choireachta, ach ar chistí a shainnithint ónar féidir le híospartaigh na coireachta cailteanais a aisghabháil i líon cásanna.
- 7.5 Dhírigh an Biúró, le linn 2011, ar mhí-úsáid shuntasach an chórais Leasa Shóisialaigh agus rinne siad an méid oifigeach a thug siad ar iasacht ón Roinn Coimirce Sóisialaí a mhéadú. Is éard a d'eascair as seo méadú ar aisghabháil airgid ó chalaos Leasa

Shóisialaigh agus ó chásanna a atreorú chuig an DPP le breithniú a dhéanamh ar ionchúisimh sa limistéar seo.

- 7.6 Go hidirnáisiúnta, lean an Biúró i mbun teagmhála, agus sa chás cuí, le tabhairt faoi imscrúduithe i gcomhthráth leis na húdaráis um fhorfheidhmiú dlí agus leis na húdaráis bhreithiúnacha ar fud na hEorpa agus an domhain agus sprioc a dhéanamh de shócmhainní a eascraíonn ó iompar amhrasta coiriúil. Lean an Biúró lena gcaidreamh le Interpol, Europol agus le Lónra Idirghníomhaireachta um Aisghabháil Sócmhainní Camden (CARIN) a fhorbairt agus lean siad orthu bheith mar an Oifig shannta um Aisghabháil Sócmhainní (OAS) in Éirinn. Lean an Biúró ag oibriú leis coiste stiúrtha CARIN agus ghlac siad páirt ghníomhach i gcomhdháil bhliantúil an ghrúpa a bhí ar siúl sa Bhulgáir i Meán Fómhair.
- 7.7 Is ann go fóill do thionchar an chúlaithe gheilleagraigh, amhail a bhí faoi thrácht i dTuarascáil Bhliantúil 2010 an Bhiúró um Shócmhainní Coiriúla. Ar a shon sin, leanann an Biúró le straitéisí a fhorbairt lena chinntiú, i ngach cás agus is féidir, go ndéantar sprioc de shócmhainní, tar éis dul i dteagmháil le hinstitiúidí airgeadais sa chás cuí, ionas go mbaintear nó go gcoinnítear tairbhí sócmhainní nó gnóthachain ó iompar coiriúil ó choirpigh amhrasta.
- 7.8 Faoi mar a sonraíodh i dtuarascálacha roimhe seo, níor ionadaíodh duine amháin (1) de na hAturnaetha a sannadh d'Aonad an Phríomh-Aturnae Stáit. Chruthaigh sé seo riaráistí oibre agus chuir sé seo leis an líon cásanna nua a laghdú a bhféadfaí tús a chur leo i gcúrsa na bliana. Réitigh an Biúró, i gcomhairliúchán leis an bPríomh-Aturnae Stáit plean gnó ina bhféachtar le foireann ionaid a fháil d'fhonn dul i ngleic leis na riaráistí seo agus le feabhas a chur ar tháirgiúlacht laistigh den Bhiúró.
- 7.9 Agus a gcuspóirí á mbaint amach acu, chuaigh an Biúró i ndlúth-theagmháil leis an nGarda Síochána, na Coimisinéirí Ioncaim, an Roinn Coimirce Sóisialaí agus an Roinn Dlí agus Cirt agus le gach gníomhaireacht um fhorfheidhmiú dlí sa Stát chun straitéis comhtháite a fhorbairt chun sprioc a dhéanamh de shócmhainní agus de bhrabúis atá díorthaithe ó iompar coiriúil. Meastar gurb uirlis éifeachtach an straitéis seo sa chomhrac foriomlán i leith coireacht eagraithe.

Aguisín 1

CUSPÓIRÍ AN BHIÚRÓ

Alt 4 den Acht fán mBiúró um Shócmhainní Coiriúla, 1996 arna leasú ag an Acht um Fháltais ó Choireacht (Leasú), 2005.

4.—Faoi réir an Achta seo, is iad seo na cuspóirí a bheidh ag an mBiúró—

- (a) sócmhainní a aithint, cibé áit a bhfuil siad, a bhaineann le daoine, a thagann nó a mheastar go dtagann, go díreach nó go hindíreach, ó ghníomhaíocht choiriúil,
- (b) beart iomchuí a ghlacadh faoin dlí leis na sócmhainní sin, ina n-iomláine, nó i bpáirt, mar a d'fhéadfadh a bheith iomchuí, a choimeád ó na daoine sin nó a dhiúltú orthu, agus
- (c) tabhairt faoi aon imscrúdú nó aon réamhobair eile i dtaca le himeachtaí ar bith a éiríonn ó na cuspóirí a luaitear in ailt (a) agus (b).

FEIDHMEANNA AN BHIÚRÓ

Alt 5 den Acht fán mBiúró um Shócmhainní Coiriúla, 1996 arna leasú ag an Acht um Fháltais ó Choireacht (Leasú), 2005.

5.—(1) Gan dochar d'fhairsinge Alt 4, is iad na feidhmeanna a bheidh ag an mBiúró, ag oibriú trína n-oifigigh, ná gach beart riachtanach a dhéanamh —

- (a) de réir fheidhmeanna an Gharda Síochána, chun críocha, coigistiú, srianadh, úsáide, calcadh, caomhnú nó urghabháil sócmhainní a aithnítear mar shócmhainní a thagann nó a mheastar go dtagann, go díreach nó go hindíreach, ó ghníomhaíocht choiriúil,
- (b) faoi na hAchtanna Ioncaim nó aon fhoráil d'aon achtú eile, cibé acu ar achtaíodh é roimh nó tar éis achtú an Achta seo, a bhaineann le hioncam, le cinntiú go dtagann fáltais ó ghníomhaíocht choiriúil amhrasta faoi réir cánach agus go gcuirtear na hAchtanna Ioncaim, nuair is iomchuí, i bhfeidhm go hiomlán ar fháltais nó ar ghníomhaíochtaí mar iad, de réir mar a bheidh,
- (c) faoi na hAchtanna Leasa Shóisialaigh le haghaidh imscrúdú agus cinneadh, de réir mar is iomchuí, aon éilimh ar nó i dtaca le sochar (laistigh de bhrí Alt 204 den Acht Leasa Shóisialaigh (Comhdhlúthú), 1993) ag duine ar bith atá bainteach le gníomhaíocht choiriúil, agus
- (d) ar iarraidh an Aire Leasa Shóisialaigh, imscrúdú nó cinneadh a dhéanamh, de réir mar is iomchuí, ar aon éileamh ar nó i dtaca le sochar, laistigh de bhrí Alt 204 den Acht Leasa Shóisialaigh (Comhdhlúthú), 1993, nuair a dheimhníonn an tAire Leasa Shóisialaigh go bhfuil forais réasúnta ann a chreidiúint i gcás imscrúdú ar leith, go bhféadfadh oifigigh an Aire Leasa Shóisialaigh a bheith faoi réir bagairtí nó foirmeacha eile imeaglaithé,

agus áirítear ar bhearta den sórt sin, de réir mar is iomchuí, faoi réir aon chomhaontú idirnáisiúnta, comhoibriú le haon fhórsa póilíní, nó aon údarás, ar údarás aisghabhála fáltais ó choireacht, cánach nó slándáil shóisialta é, in aon chríocha nó stát seachas an Stát.

(2) I dtaca le gnéithe a dtagraítear dóibh i bhfo-alt (1), ní fhorléireofar rud ar bith san Acht seo mar ghné a théann i gcion nó a shrianann ar bhealach ar bith —

- (a) cumhachtaí nó dualgais an Gharda Síochána, na gCoimisinéirí Ioncaim nó an Aire Leasa Shóisialaigh, nó
- (b) feidhmeanna an Ard-Aighne, an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí nó an Phríomh-Aturnae Stáit.